Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2020
(OR. en)

13368/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0253(COD)

CODEC 1219
WTO 343
USA 41
PE 91

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le díchur dleachtanna custaim ar tháirgí áirithe<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 23 go dtí an 13 Samhain 2020) |

## I. RÉAMHRÁ

Dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe, an 18 Samhain 2020, dá bhformheasfadh Parlaimint na hEorpa an togra thuasluaite ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an rapóirtéir, Bernd LANGE (S&D, DE), tuarascáil, thar ceann an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, agus é mar aidhm aici an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin.

Ina theannta sin, thíolaic grúpa polaitiúil GUE/NGL leasú amháin (leasú 1).

## II. VÓTÁIL

Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh an 26 Samhain 2020 agus an togra ón gCoimisiún á ghabháil chuici féin aici. Tá an seasamh sin le feiceáil sa rún reachtach uaithi. Níor glacadh aon leasuithe.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, a fhormheas, agus ar an gcaoi sin an chéad léamh a thabhairt chun deiridh don dá institiúid.

Ghlacfaí an gníomh reachtach ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## P9_TA-PROV(2020)0333

## Díchur dleachtanna custaim ar earraí áirithe ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2020 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díchur dleachtanna custaim ar tháirgí áirithe (COM(2020)0496 – C9-0284/2020 – 2020/0253(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0496),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0284/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 18 Samhain 2020 chun seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0217/2020),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2020)0253**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 26 Samhain 2020 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díchur dleachtanna custaim ar earraí áirithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

[1] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2020.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an caidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta is mó agus is doimhne ar domhan ag an Aontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (na 'Stáit Aontaithe') agus tá a ngeilleagair comhtháite go mór. Luach os cionn EUR 1 trilliún in aghaidh na bliana atá ar an trádáil in earraí agus seirbhísí sa dá threo eatarthu, arb ionann é agus thart ar EUR 3,000 mhilliún euro in aghaidh an lae. Tá an dlúthchaidreamh trádála agus infheistíochta sin tairbhiúil le haghaidh custaiméirí, oibrithe, gnólachtaí agus infheisteoirí.

(2) Tá an tAontas tiomanta feabhas a chur ar a chaidreamh trádála agus infheistíochta leis na Stáit Aontaithe. Áirítear leis sin bealaí nua a aimsiú chun feabhas a chur ar an gcaidreamh trádála déthaobhach, aghaidh a thabhairt ar bhacainní trádála agus díospóidí trádála leanúnacha a réiteach. Ionas nach gcuirfear isteach a thuilleadh ar an gcaidreamh trádála sin, ba cheart na dleachtanna custaim a chuireann an tAontas i bhfeidhm ar allmhairí a dhíchur le haghaidh líon teoranta earraí ar feadhtréimhse cúig bliana ar bhonn *erga omnes*.

(3) Ba cheart díchur dleachtanna custaim a bheith faoi réir na Stáit Aontaithe an fógra a thug siad maidir le dleachtanna custaim a laghdú ar líon áirithe earraí a chur chun feidhme go héifeachtach agus faoi réir na Stáit Aontaithe do staonadh ó bhearta nua a thabhairt isteach a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de na cuspóirí atá á saothrú leis an gComhráiteas ó na Stáit Aontaithe agus ón Aontas Eorpach an 21 Lúnasa 2020 maidir le Comhaontú um Thairifí (an 'Comhráiteas')[2].

(4) Ba cheart feidhm a bheith ag díchur na ndleachtanna custaim ón dáta céanna le cur chun feidhme éifeachtach an fhógra ó na Stáit Aontaithe maidir lena ndleachtanna custaim ar líon áirithe earraí a laghdú, eadhon ón 1 Lúnasa 2020.

(5) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fionraí go sealadach mura gcomhlíontar na

---

2 Féach doiciméad ST 12652/20 ar http://register.consilium.europa.eu .

coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ón bParlaimint agus ón gComhairle[3].

(6) I bhfianaise a phráinní atá sé aon chur isteach eile ar an gcaidreamh trádála idir an Aontas agus na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe. Ar an gcúis chéanna, meastar gurb iomchuí chomh maith foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Díchur dleachtanna custaim

0 % (saor ó dhleacht) a bheidh i ndleachtanna custaim allmhairiúcháin faoin gComhtharaif Chustaim is infheidhme le haghaidh na n-earraí a aicmítear sna línte custaim a liostaítear i Roinn I den Iarscríbhinn ar bhonn *erga omnes*.

*Airteagal 2*

Na coinníollacha chun dleachtanna custaim a dhíchur

Díchur na ndleachtanna custaim le haghaidh na n-earraí a aicmítear sna línte taraife a liostaítear i Roinn I den Iarscríbhinn, beidh sé faoi réir na coinníollacha seo a leanas:

(a) na Stáit Aontaithe do laghdú na ndleachtanna custaim ar bhonn *erga omnes* le haghaidh na n-earraí a aicmítear sna línte taraife a liostaíteari Roinn II den Iarscríbhinn; agus

[3] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(b) na Stáit Aontaithe do staonadh ó bhearta nua a thabhairt isteach i gcoinne an Aontais a bhaineann an bonn de na cuspóirí atá á saothrú leis an gComhráiteas.

*Airteagal 3*

Fionraí sealadach

Mura gcomhlíonann na Stáit Aontaithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, nó má tá dóthain fianaise ann faoi mhainneachtain thodhchaí na Stát Aontaithe na coinníollacha sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéantar díchur na ndleachtanna custaim dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar fionraí go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4(2).

*Airteagal 4*

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 5*

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Lúnasa 2020 go dtí an 31 Iúil 2025.

---

**4** Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch.1).

3. Foilseoidh an Coimisiún fógra fionraí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcás ina ndéanfar cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fionraí de bhun Airteagal 3 nó i gcás ina scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige roimh an 31 Iúil 2025.

4. Arna iarraidh sin do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, aisíocfaidh údaráis chustaim náisiúnta na mBallstát lena mbaineann aon dleachtanna arna n-íoc de bhreis ar na dleachtanna is infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo le haghaidh allmhairí ó na Stáit Aontaithe idir an 1 Lúnasa 2020 agus an …[dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa…,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# IARSCRÍBHINN

Cuid I (Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh)

| **Cód CN** | **Tuairisc** |
|---|---|
| 0306 11 90 | Gliomaigh charraige reoite agus piardóga farraige eile, iad cócaráilte le gal nó beirithe in uisce "Palinurus Spp., Panulirus spp., Jasus Spp.", iad deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, lena n-áirítear iad sin sa bhlaosc, iad cócaráilte le gal nó beirithe in uisce (cé is moite d'eireabaill piardóg) |
| 0306 12 10 | Gliomaigh reoite "Homarus Spp.", iad iomlán, nó deataithe nó cócaráilte le gal nó beirithe in uisce |
| 0306 12 90 | Gliomaigh reoite "Homarus Spp.", iad deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, lena n-áirítear gliomaigh sa bhlaosc, iad cócaráilte le gal nó beirithe in uisce (cé is moite de ghliomaigh ina n-iomláine) |
| 0306 32 10 | Gliomaigh bheo "Homarus Spp." |

**Cuid II (Taraif Chustaim na Stát Aontaithe)**

| **Cód Taraife** | **Tuairisc** | **Taraif an Náisiúin Barrfhabhair atá ann cheana** | **Ráta Nua an Náisiúin Barrfhabhair** |
|---|---|---|---|
| 1604 20 05 | Táirgí a bhfuil feoil crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceach eile iontu, béilí ullmhaithe | 10 % | 5 % |
| 7013 41 50 | Earraí gloine chun críocha boird nó cistine (cé is moite de ghloiní óil), iad | 6 % | 3 % |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | déanta as criostal luaidhe, dar luach is mó ná 5$ an ceann | | |
| 3214 90 50 | Ullmhóidí neamh-theasfhulangacha le haghaidh dromchlú aghaidheanna, ballaí faoi dhíon, urlár, síleálacha nó a leithéidí, nach bhfuil bunaithe ar rubar | 6.5 % | 3.25 % |
| 3601 00 00 | Púdair thiomántacha | 6.5 % | 3.25 % |
| 9613 10 00 | Lastóirí toitíní agus lastóirí comhchosúla, iad breoslaithe le gás, nach féidir a athlíonadh, le haghaidh an phóca | 8 % | 4 % |
| 9613 90 80 | Páirteanna le haghaidh lastóirí toitíní neamhleictreacha agus lastóirí comhchosúla | 8 % | 4 % |